Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5675/25**

**FIN 103**
**INST 14**
**PE-L 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5511/1/25 REV 1 |
| Ábhar: | Áitreabh buan nua Frontex dá cheanncheathrú i Vársá na Polainne<br>– *Formheas*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 20 Nollaig 2024, chuir an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) iarraidh athmheasta faoi bhráid na Comhairle lena formheas roimh ré, i gcomhréir le hAirteagal 272(3) agus (6) den Rialachán Airgeadais[1], chun tionscadal foirgníochta a mhaoiniú trí bhíthin iasachta.

2. Baineann an t-iarratas seo le háitreabh buan nua Frontex a thógáil dá cheanncheathrú i Vársá ar an dáileacht talún arna deonú ag Údaráis na Polainne. Tá an anailís chostais bunaithe ar chostáil saolré 15 bliana ina gcuimsítear costais oibríochta agus chothabhála. Meascán de bhuiséad Frontex féin agus de mhaoiniú seachtrach trí bhíthin iasachta a bheidh i maoiniú an tionscadail.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

3. Chuir Frontex in iúl don Chomhairle cheana féin go raibh sé ar intinn aige nós imeachta tairisceana Idirphlé Iomaíoch a sheoladh agus iasacht a fháil don tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2021[2], dá bhforáiltear in Airteagal 272(2) den Rialachán Airgeadais.

4. Ag na cruinnithe a bhí aige an 9 agus an 14 Eanáir 2025, scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an iarraidh nua agus ní raibh sé in ann í a fhormheas, cé nach ndearna aon Bhallstát agóid ina choinne. I bhfianaise chineál eisceachtúil na hiarrata agus na n-impleachtaí polaitiúla agus airgeadais, áfach, measadh go raibh gá le cinneadh ar leibhéil éagsúla seachas an leibhéal teicniúil amháin.

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Eanáir 2025, chuir Coiste na mBuanionadaithe in iúl go bhféadfaí an tionscadal a fhormheas.

6. Agus an méid thuas á chur san áireamh, iarrtar ar an gComhairle formheas a dhéanamh ar an iarraidh ó Frontex tógáil an áitribh bhuain nua dá cheanncheathrú i Vársá na Polainne a chur i gcrích le páirtmhaoiniú trí bhíthin iasachta, chomh maith leis an dréachtlitir san IARSCRÍBHINN chuige sin.

---

[2] WK 12810/2021.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Hans Leijtens, Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Dhuine Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 272(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[3], cuirim in iúl duit gur fhormheas an Chomhairle an iarraidh ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), dar dáta an 20 Nollaig 2024, tógáil fhoirgneamh buan nua a cheanncheathrún i Vársá na Polainne a chur i gcrích trí bhíthin iasachta.

Cuireann an Chomhairle i dtreis nach fasach é an cás eisceachtúil seo d'aon chomhlacht eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun tógáil foirgnimh ar dháileacht talún a ceannaíodh a mhaoiniú trí bhíthin iasachta.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).